Ag freastal ar do choinne trí fhísglao

Tá físghlaonna áisiúil agus éasca le húsáid

In ionad teacht chuig do choinne, rachaidh tú isteach sa láthair feithimh, bain úsáid as an nasc thíos.

Feicfidh an tseirbhís go bhfuil tú tagtha, agus déanfaidh soláthraí teagmháil leat nuair a bheidh sé/sí réidh.

Ní gá cuntas a chruthú.

Tá físghlaonna sábháilte agus tá do phríobháideacht faoi chosaint.

Conas freastal ar choinne físe?

Teigh chuig:

Cad atá de dhíth chun glaoch a dhéanamh?

- **Gaireas** chun físghlao a dhéanamh, ar nós fón póca , taibléad, nó ríomhaire le ceamara gréasáin agus callaire (ar fáil ar ríomhairí glúine de ghnáth).
- **Nasc idirlín maith** (sreangaithe, wifi nó sonraí soghluaiste). Má tá tú ábalta físeán a fheiceáil ar líne, beidh tú ábalta físghlao a dhéanamh.
- **Áit phríobháideach, le neart solais,** nach gcuirfear isteach ort do do choinne.
- Úsáid an leagan is déanaí de **Edge**, **Safari**, nó **Chrome** chun an físghlao a dhéanamh.

Microsoft Edge
Windows

Apple Safari
iOS, iPadOS, macOS

Google Chrome
Android, Windows, macOS

Féach leathanach a dó chun tuilleadh eolais a fháil maidir le físghlao a dhéanamh

Cad is gá dom a bheith ar eolas?

An bhfuil sé sábháilte agus faoi rún?

Tá seomraí físeáin príobháideach. Ní féidir ach le soláthraí údaraithe dul isteach sa seomra nó daoine a ligean isteach i nglaoghrúpa.

Ní stóráiltear aon fhaisnéis a chuireann tú féin isteach.

Cé mhéid a chosnaíonn glao físe?

Tá an físghlao saor in aisce.

Leid! Más féidir leat, úsáid líonra Wi-Fi chun úsáid sonraí soghluaiste a sheachaint.

Cé mhéid sonraí idirlín a úsáidfidh mé?

Ní úsáideann an físghlao sonraí fad agus atá tú ag fanacht . Nuair a thosaíonn do choinne , úsáideann sé an méid céanna sonraí le Zoom nó Facetime.

Cén chaoi a ndéanfaidh mé m'fhísghlao?

1. Oscail do bhrabhsálaí gréasáin agus cuir isteach seoladh gréasáin na seirbhíse sa bharra seoltaí (ní sa bhosca cuardaigh).

2. Chun do ghlao a thosú, bíodh:

- cliceáil **Enter Waiting Area**

- nó cliceáil **Start Video call** agus roghnaigh do limistéar feithimh.

3. Má iarrtar ort, lig do do bhrabhsálaí rochtain a fháil ar do cheamara agus do mhicreafón.

4. Lean na leideanna ar an scáileán chun d'fhísghlao a thosú.

5. Cliceáil **Leave** chun chríochnú.

Leideanna!



Cuir d'fhón cliste nó do thaibléad ar an imeall fada.

I nglaonna grúpa, coinnigh do mhicreafón balbhaithe mura bhfuil tú ag labhairt.

Is féidir leat an cnaipe ardú láimhe a úsáid le haghaidh aird.

Cad a dhéanfaidh mé mura n-oibríonn rud éigin?

Téigh chuig https://england.nhs.attendanywhere.com/troubleshooting

Tuilleadh Eolais

induction
Attend Anywhere